# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 324

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 66

14 Meán Fómhair 2023


Clár

II *Faisnéis*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Coimisiún Eorpach**


2023/C 324/01 Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi (Cás M.11015 — PARKS BOTTOM / OXFORD / ACCOR / THE RIMROCK RESORT HOTEL) [1] ..... 1

2023/C 324/02 Teachtaireacht ón gCoimisiún — Treoirlínte an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 3(4) de Threoir (AE) 2022/2555 (an Dara Treoir NIS) ..... 2


IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**An Chomhairle**


2023/C 324/03 Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/1767, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1765 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ..... 8

2023/C 324/04 Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a mbeidh feidhm ina leith ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ..... 10

2023/C 324/05 Fógra le haghaidh na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/1767, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1765 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ..... 12


[1] Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

2023/C 324/06 Fógra maidir leis na bearta sriantacha i gcoinne Nikita Dmitrievich Mazepin a chur ar fionraí, faoi réir coinníollacha áirithe, dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle, maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/1767 ón gComhairle agus arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1765 ..... 13

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 324/07 Rátaí malairte an euro — 13 Meán Fómhair 2023 ..... 14

**An Oifig Eorpach um Roghnú Foirne**

2023/C 324/08 Fógra comórtas oscailte ..... 15

FÓGRAÍ A bhAineAnn LEIS An LimistéAr EorpAch EAcnAmAíoch

**Údarás Faireacháin CSTE**

2023/C 324/09 Gan státchabhair de réir bhrí Airteagal 61(1) de Chomhaontú LEE ..... 16

2023/C 324/10 Fógra ó Údarás Faireacháin CSTE maidir le rátaí úis aisghabhála státchabhrach agus rátaí tagartha/lascaine i gcás Stáit CSTE is infheidhme ón 1 Meitheamh 2023 *(Arna fhoilsiú i gcomhréir leis na rialacha maidir le rátaí tagartha agus lascaine a leagtar amach i gCuid VII de Threoirlínte Údarás Faireacháin CSTE maidir le Státchabhair agus Airteagal 10 de Chinneadh Uimh. 195/04/COL ó Údarás Faireacháin CSTE)* ..... 17

---

V *Fógairtí*

IMEACHTA CÚIRTE

**Cúirt an EFTA**

2023/C 324/11 Caingean arna tabhairt an 26 Iúil 2023 ag Údarás Faireacháin CSTE i gcoinne na hIorua (Cás E-9/23) ..... 18

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

**An Coimisiún Eorpach**

2023/C 324/12 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.11240 – ORLEN / DOPPLER ENERGIE) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) ..... 20

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

*(Faisnéis)*

# FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Gan cur i gcoinne comhchruinniú ar tugadh fógra faoi

## (Cás M.11015 — PARKS BOTTOM / OXFORD / ACCOR / THE RIMROCK RESORT HOTEL)

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 324/01)

An 16 Bealtaine 2023, chinn an Coimisiún gan cur i gcoinne an chomhchruinnithe thuas ar tugadh fógra faoi agus a dhearbhú go bhfuil sé comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. Tá an cinneadh sin bunaithe ar Airteagal 6(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]). Is i mBéarla amháin atá an cinneadh ar fáil agus déanfar é a phoibliú ach a mbeidh aon rún gnó a d'fhéadfadh a bheith ann a bainte as. Beidh sé ar fáil:

— i roinn na gcumasc ar an suíomh gréasáin faoin 'mBeartas iomaíochta' atá ag an gCoimisiún (https://competition-cases.ec.europa.eu/search). Cuireann an suíomh gréasáin sin saoráidí éagsúla ar fáil chun cuidiú cinntí aonair cumaisc a aimsiú trí úsáid ainm na cuideachta, cásuimhreacha, dátaí agus earnálacha gníomhaíochta,

— i bhfoirm leictreonach ar shuíomh gréasáin EUR-Lex (http://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=en) faoin uimhir dhoiciméid 32023M11015. Is é EUR-Lex an tairseach ar líne chuig dlí an Aontais Eorpaigh.

---

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

**TEACHTAIREACHT ÓN GCOIMISIÚN**

**Treoirlínte an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 3(4) de Threoir (AE) 2022/2555 (an Dara Treoir NIS)**

(2023/C 324/02)

1. De bhun Airteagal 3(4) de Threoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais (an Dara Treoir NIS), [1] déanfaidh an Coimisiún, le cúnamh ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), treoirlínte agus teimpléid a sholáthar gan moill mhíchuí maidir leis na hoibleagáidí a leagtar síos san fhoráil sin. Tagraíonn Airteagal 3(4) de Threoir (AE) 2022/2555 d'Airteagal 3(3) den Treoir sin, lena gceanglaítear ar na Ballstáit liosta d'eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha a bhunú, agus d'eintitis a sholáthraíonn seirbhísí cláraithe ainmneacha fearainn, faoin 17 Aibreán 2025. Ní mór do na Ballstáit an liosta sin a athbhreithniú agus, i gcás inarb iomchuí, a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus gach 2 bhliain ar a laghad ina dhiaidh sin.

2. Chun críocha liosta na n–eintiteas fíor-riachtanach agus tábhachtach a bhunú, ba cheart do na Ballstáit a chur de cheangal ar eintitis an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a chur faoi bhráid na n–údarás inniúil: ainm, seoladh agus sonraí teagmhála atá cothrom le dáta, lena n–áirítear seoltaí ríomhphoist, raonta IP agus uimhreacha teileafóin an eintitis, agus, i gcás inarb infheidhme, an earnáil ábhartha agus an fho-earnáil ábhartha dá dtagraítear sna hiarscríbhinní, agus, i gcás inarb infheidhme, liosta de na Ballstáit ina soláthraíonn siad seirbhísí a thagann faoi raon feidhme na Treorach. Leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Treoirlínte seo teimpléad chun an fhaisnéis sin a bhailiú chun críocha an liosta a bhunú.

3. Chun bunú agus nuashonrú liosta na n–eintiteas fíor-riachtanach agus tábhachtach a éascú, agus liosta na n–eintiteas a sholáthraíonn seirbhísí cláraithe ainmneacha fearainn, foráiltear le hAirteagal 3(4) de Threoir (AE) 2022/2555 gur cheart do na Ballstáit a bheith in ann sásraí náisiúnta a bhunú d'eintitis chun iad féin a chlárú [2].

4. De réir Airteagal 3(5) de Threoir (AE) 2022/2555, faoin 17 Aibreán 2025 agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin, ní mór do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún agus don Ghrúpa Comhair, ar a laghad, faoin líon eintiteas fíor-riachtanach agus tábhachtach a liostaítear de bhun Airteagal 3(3) den Treoir sin do gach earnáil agus fo-earnáil dá dtagraítear in Iarscríbhinní I agus II den Treoir. Ní mór do na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún freisin maidir le faisnéis ábhartha faoin líon eintiteas fíor-riachtanach agus tábhachtach a sainaithníodh de bhun Airteagal 2(2)(b) go (e) de Threoir (AE) 2022/2555, an earnáil agus an fho-earnáil lena mbaineann siad, an cineál seirbhíse a sholáthraíonn siad, agus an fhoráil ar dá bun a sainaithníodh iad. Mínítear in aithris 19 den bhrollach a ghabhann le Treoir (AE) 2022/2555 go moltar do na Ballstáit faisnéis a mhalartú leis an gCoimisiún faoi eintitis fhíor-riachtanacha agus thábhachtacha agus, i gcás teagmhas mórscála cibearshlándála, faisnéis ábhartha, amhail ainm an eintitis lena mbaineann.

5. De bhreis ar an liosta arna bhunú ag na Ballstáit de bhun Airteagal 3(3) de Threoir (AE) 2022/2555, ba cheart do na Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 27(2) den Treoir sin, a cheangal freisin ar chineálacha áirithe eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 27(1) den Treoir an fhaisnéis seo a leanas a chur faoi bhráid na n–údarás inniúil faoin 17 Eanáir 2025: ainm an eintitis; an earnáil ábhartha, an fho-earnáil ábhartha agus an cineál eintitis ábhartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I nó II den Treoir sin, i gcás inarb infheidhme; seoladh phríomhbhunaíocht an eintitis agus a bhunaíochtaí dlíthiúla eile san Aontas nó, mura bhfuil sé bunaithe san Aontas, seoladh a ionadaí arna ainmniú de bhun Airteagal 26(3) den Treoir; sonraí teagmhála cothrom le dáta, lena n–áirítear seoltaí ríomhphoist agus uimhreacha teileafóin an eintitis agus, i gcás inarb infheidhme, a ionadaí arna ainmniú de bhun Airteagal 26(3) den Treoir; na Ballstáit ina soláthraíonn an t–eintiteas seirbhísí; raonta IP an eintitis. De bhun Airteagal 27(3) de Threoir (AE) 2022/2555, ceanglóidh na Ballstáit ar eintitis dá dtagraítear in Airteagal 27(1) den Treoir fógra a thabhairt don údarás inniúil faoi aon athrú ar an bhfaisnéis a thíolaic siad faoi Airteagal 27(2) den Treoir, gan mhoill agus in aon chás laistigh de 3 mhí ó dháta an athraithe.

(1) IO L 333, 27.12.2022, lch. 80.
(2) Féach freisin aithris 18 den bhrollach a ghabhann le Treoir (AE) 2022/2555.

6. De réir Airteagal 27(5) de Threoir (AE) 2022/2555, tíolacfar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 27(2) agus (3) den Treoir sin tríd an sásra náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 3(4) den Treoir, i gcás inarb infheidhme. Dá bhrí sin, chun éifeachtúlachtaí riaracháin níos fearr a bhaint amach, áirítear sa teimpléad atá ceangailte mar Iarscríbhinn a ghabhann leis na Treoirlínte seo freisin iarrataí ar fhaisnéis a theastaíonn chun críocha Airteagal 3(3) agus Airteagal 27(2) de Threoir (AE) 2022/2555 araon. Cruthaíodh an teimpléad seo le cúnamh ó ENISA.

*Foscríbhinn*

**Teimpléad don fhaisnéis is gá don liosta dá dtagraítear in Airteagal 3(3) agus d'Airteagal 27(2) de Threoir (AE) 2022/2555**

1. Earnáil gníomhaíochta faoi Threoir (AE) 2022/2555

**Iarscríbhinn I – earnálacha ardchriticiúlachta**

- Fuinneamh
  - Leictreachas
    - Gnóthas leictreachais
    - Oibreoir córais dáileacháin
    - Oibreoir córais tarchurtha
    - Táirgeoirí
    - Oibreoirí ainmnithe sa mhargadh leictreachais
    - Rannpháirtithe sa mhargadh lena soláthraítear comhiomlánú, freagairt don éileamh nó seirbhísí stórála fuinnimh
    - Oibreoirí pointe athluchtaithe atá freagrach as pointe athluchtaithe a bhainistiú agus a oibriú, ar pointe athluchtaithe é lena soláthraítear seirbhís athluchtaithe d'úsáideoirí deiridh, lena n–áirítear in ainm agus thar ceann soláthraí seirbhíse soghluaisteachta
  - Oibreoirí téimh agus fuaraithe ceantair
  - Ola
    - Oibreoirí píblínte tarchuir
    - Oibreoirí saoráidí táirgthe, scagtha agus cóireála ola, agus stórála agus tarchuir ola
    - Eintitis stocshealbhaíochta lárnacha
  - Gás
    - Gealltanais soláthair
    - Oibreoirí córais dáileacháin
    - Oibreoirí córais tarchurtha
    - Oibreoirí córais stórála
    - Oibreoirí córais GNL
    - Gnóthais gáis nádúrtha
    - Oibreoirí saoráidí scagtha agus cóireála gáis nádúrtha
  - Oibreoirí táirgthe, stórála agus tarchuir hidrigine
- Iompar
  - Aer
    - Aeriompróirí
    - Comhlachtaí bainistíochta aerfoirt
    - Oibreoirí rialaithe bainistíochta tráchta a sholáthraíonn seirbhísí rialaithe aerthráchta
  - Iarnród
    - Bainisteoirí bonneagair
    - Gnóthais iarnróid, lena n–áirítear oibreoirí saoráidí seirbhíse

    - Uisce
        - Cuideachtaí iompair paisinéirí agus lasta d'uiscebhealaí intíre, ar muir agus cois cósta, gan na hárthaí arna n–oibriú ag na cuideachtaí sin a áireamh
        - Comhlachtaí bainistíochta lena n–áirítear a saoráidí calafoirt agus a n–eintitis a oibríonn oibreacha agus trealamh atá laistigh de chalafoirt
        - Oibreoirí seirbhísí um thrácht árthaí (VTS)
    - Bóthar
        - Údaráis bóithre atá freagrach as rialú bainistíochta tráchta, gan eintitis phoiblí a áireamh a bhfuil bainistiú tráchta nó oibriú córas cliste iompair ina gcuid neamhriachtanach dá ngníomhaíocht ghinearálta
        - Oibreoirí córas cliste iompair
- Sláinte
    - Soláthraithe cúraim sláinte
    - Saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh
    - Eintitis a dhéanann gníomhaíochtaí taighde agus forbartha ar tháirgí íocshláinte
    - Eintitis a mhonaraíonn táirgí cógaisíochta bunúsacha agus ullmhóidí cógaisíochta dá dtagraítear i roinn C, rannán 21 de NACE Rev. 2
    - Eintitis a mhonaraíonn feistí leighis a mheastar a bheith criticiúil le linn éigeandáil sláinte poiblí (liosta feistí criticiúla na héigeandála sláinte poiblí)
- Uisce óil - Soláthraithe agus dáileoirí uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine gan dáileoirí a áireamh ar ina leith nach bhfuil dáileadh uisce lena thomhailt ag an duine ina chuid neamhriachtanach dá ngníomhaíocht ghinearálta a bhaineann le dáileadh tráchtearraí agus earraí eile
- Fuíolluisce - Gnóthais a bhailíonn, a dhiúscraíonn nó a chóireálann fuíolluisce uirbeach, fuíolluisce tí nó fuíolluisce tionsclaíoch, gan gnóthais a áireamh nach bhfuil an bailiú, an diúscairt nó an chóireáil fuíolluisce uirbigh, fuíolluisce tí nó fuíolluisce tionsclaíoch ach ina gcuid neamhriachtanach dá ngníomhaíocht ghinearálta
- Bonneagar digiteach
    - Soláthraithe Pointe Malartaithe Idirlín
    - **Soláthraithe seirbhísí DNS**
    - **Clárlanna ainmneacha TLD**
    - **Soláthraithe seirbhísí néalríomhaireachta**
    - **Soláthraithe seirbhísí lárionad sonraí**
    - **Soláthraithe gréasán soláthair ábhair**
    - Soláthraithe seirbhísí iontaoibhe
    - Soláthraithe líonraí cumarsáide leictreonaí poiblí
    - Soláthraithe seirbhísí cumarsáide leictreonaí atá ar fáil go poiblí
- Bainistiú seirbhísí TFC (gnólacht le gnólacht)
    - **Soláthraithe seirbhísí bainistithe**
    - **Soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe**

— Eintitis riaracháin phoiblí

  — Eintitis riaracháin phoiblí rialtas láir

  — Eintitis riaracháin phoiblí ar an leibhéal réigiúnach

— Spás - Oibreoirí bonneagair ar talamh, faoi úinéireacht na mBallstát nó páirtithe príobháideacha, arna bhainistiú acu agus arna oibriú acu, a thacaíonn le soláthar seirbhísí spásbhunaithe, gan soláthraithe líonraí cumarsáide leictreonaí poiblí a áireamh.

**Iarscríbhinn II – earnálacha criticiúla eile**

— Seirbhísí poist agus cúiréireachta

— Bainistiú Dramhaíola - Gnóthais a dhéanann gníomhaíochtaí bainistithe dramhaíola, gan gnóthais a áireamh ar ina leith nach í an bhainistíocht dramhaíola an phríomhghníomhacht eacnamaíoch atá acu

— Monarú, táirgeadh agus dáileadh ceimiceán – gnóthais a dhéanann substaintí a mhonarú agus gnóthais a dhéanann earraí a tháirgeadh ó shubstaintí nó ó mheascáin

— Táirgeadh, próiseáil agus dáileadh bia – gnólachtaí bia atá ag gabháil do dháileadh mórdhíola agus táirgeadh agus próiseáil thionsclaíoch

— Monarú

  — Monarú feistí leighis agus feistí leighis diagnóiseacha in vitro

  — Monarú táirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla

  — Monarú trealaimh leictrigh

  — Monarú innealra agus trealaimh nach n–aicmítear in aon áit eile

  — Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí

  — Monarú trealaimh eile iompair

— Soláthraithe digiteacha

  — **Soláthraithe margaí ar líne**

  — **Soláthraithe inneall cuardaigh ar líne**

  — **Soláthraithe ardán seirbhísí líonraithe shóisialta**

— Eagraíochtaí taighde

**Eintitis nach n–áirítear sna hIarscríbhinní**

— **Eintitis a sholáthraíonn seirbhísí cláraithe ainmneacha fearainn**

— Eintitis eile a shainaithnítear mar eintitis chriticiúla faoi Threoir (AE) 2022/2557

— Eintitis a shainaithnítear mar oibreoirí seirbhísí fíor-riachtanacha i gcomhréir leis an dlí náisiúnta

2. **Ainm** an chomhlachta

3. I gcás ina dtagraítear don eintiteas in Airteagal 27(1) de Threoir (AE) 2022/2555 **(soláthraí seirbhísí DNS, clárlann ainmneacha TLD, eintiteas a sholáthraíonn seirbhísí cláraithe ainmneacha fearainn, soláthraí seirbhíse néalríomhaireachta, soláthraí seirbhíse lárionaid sonraí, soláthraí gréasán soláthair ábhair, soláthraí seirbhíse bainistithe, soláthraí seirbhíse slándála bainistithe, chomh maith le soláthraí margaí ar líne, soláthraithe inneall cuardaigh ar líne agus soláthraithe ardán seirbhísí líonraithe shóisialta)**, an bhfuil a phríomhbhunaíocht AE sa Bhallstát seo ag an eintiteas nó i gcás nach bhfuil aon bhunaíocht dhlíthiúil san Aontas, an bhfuil príomhbhunaíocht a hionadaí sa Bhallstát seo?

4. **Seoladh** bhunaíocht an eintitis sa Bhallstát seo. Má thagraítear don eintiteas in Airteagal 27(1) de Threoir (AE) 2022/2555, seoladh phríomhbhunaíocht **an eintitis, má tá sé lonnaithe sa Bhallstát seo**, chomh maith **lena bhunaíochtaí dlíthiúla eile** san Aontas. I gcás nach bhfuil aon bhunaíocht ann, seoladh an ionadaí san Aontas, arna ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 26(3) de Threoir (AE) 2022/2555, má tá an t–ionadaí lonnaithe sa Bhallstát seo.

5. **Sonraí teagmhála cothrom le dáta lena** n–áirítear seoltaí ríomhphoist agus uimhreacha teileafóin sa Bhallstát seo.

6. **Raonta maoine intleachtúla** an eintitis don Bhallstát seo

7. Má thagraítear don eintiteas in Airteagal 27(1) de Threoir (AE) 2022/2555, liosta de na Ballstáit ina soláthraíonn an t–eintiteas **seirbhísí** faoi raon feidhme na Treorach sin.

IV

*(Fógraí)*

# FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# AN CHOMHAIRLE

## Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/1767, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1765 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

(2023/C 324/03)

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas ar aird do na daoine agus na heintitis a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle [1], arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/1767 [2] agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle [3], arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1765 [4] a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.

Tar éis di athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas arna n-ainmniú sna hiarscríbhinní thuasluaite, chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh, gur cheart go leanfadh na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 d'fheidhm a bheith acu maidir leis na daoine sin agus na heintitis sin.

Cuirtear in iúl do na daoine agus na heintitis lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 4 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine agus na heintitis lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, ag an seoladh seo a leanas roimh an 2 Samhain 2023:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1

Rue de la Loi/Wetstraat 175

1048 Bruxelles/Brussel

BELGIQUE/BELGIË

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

---

(1) IO L 78, 17.3.2014, lch. 16.
(2) IO L 226, 14.9.2023, lch. 104.
(3) IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.
(4) IO L 226, 14.9.2023, lch. 3.

Cuirtear in iúl do na daoine agus na heintitis lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

**Fógra le haghaidh na n-ábhar sonraí a mbeidh feidhm ina leith ag na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

(2023/C 324/04)

Dírítear aird na n-ábhar sonraí ar an bhfaisnéis seo a leanas i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

Is é is bunús dlí don oibríocht phróiseála sin Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle ([2]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/1767 ón gComhairle ([3]), agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle ([4]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1765 ón gComhairle ([5]).

Is í Comhairle an Aontais Eorpaigh, agus Ard-Stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um an gCaidreamh Seachtrach (RELEX) in Ardrúnaíocht na Comhairle ag déanamh ionadaíocht di, rialaitheoir na hoibríochta próiseála seo; is é RELEX.1 an roinn ar a bhfuil cúram na hoibríochta próiseála, agus is féidir dul i dteagmháil leis an roinn sin ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

Is féidir dul i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí na hArdrúnaíochta ag:

An tOifigeach Cosanta Sonraí

data.protection@consilium.europa.eu

Is é cuspóir na hoibríochta próiseála liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha a bhunú agus a nuashonrú i gcomhréir le Cinneadh 2014/145/CBES, arna leasú le Cinntí (CBES) 2023/1767, agus Rialachán (AE) Uimh. 269/2014, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1765.

Is daoine nádúrtha iad na hábhair sonraí sin a chomhlíonann na critéir maidir le liostú arna leagan síos i gCinneadh 2014/145/CBES agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

Áirítear ar na sonraí pearsanta arna mbailiú na sonraí is gá chun an duine lena mbaineann a shainaithint i gceart, an ráiteas ar chúiseanna agus aon sonraí eile a bhaineann leis na forais maidir leis an liostú.

Is iad na Cinntí ón gComhairle a glacadh faoi Airteagal 29 CAE agus Rialacháin ón gComhairle a glacadh faoi Airteagal 215 CFAE lena n-ainmnítear daoine nádúrtha (ábhair sonraí) agus lena bhforchuirtear reo sócmhainní agus srianta taistil is bunús dlí do láimhseáil sonraí pearsanta.

Is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích ar cúram é a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail i gcomhréir le hAirteagal 5(1)(a) agus chun oibleagáidí dlíthiúla a leagtar síos sna gníomhartha dlí thuasluaite a bhfuil an rialaitheoir faoina réir i gcomhréir le hAirteagal 5(1)(b) de Rialachán (AE) 2018/1725 a chomhlíonadh.

([1]) IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.
([2]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 16.
([3]) IO L 226, 14.9.2023, lch. 104.
([4]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.
([5]) IO L 226, 14.9.2023, lch. 3.

Is gá an phróiseáil a dhéanamh ar mhórchúiseanna a bhaineann le leas an phobail i gcomhréir le hAirteagal 10(2)(g) de Rialachán (AE) 2018/1725.

Féadfaidh an Chomhairle sonraí pearsanta ábhar sonraí a fháil ó na Ballstáit agus/nó ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí. Is iad na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí faighteoirí na sonraí pearsanta.

Coimeádfar na sonraí pearsanta uile a phróiseálann an Chomhairle i gcomhthéacs bhearta sriantacha uathrialacha an Aontais go ceann 5 bliana ón uair a bhaintear an t-ábhar sonraí de liosta na ndaoine atá faoi réir reo sócmhainní nó ón uair a théann bailíocht an bhirt in éag nó, má thugtar caingean dlí os comhair na Cúirte Breithiúnais, go dtí go dtabharfar breithiúnas críochnaitheach. Coimeádann an Chomhairle sonraí pearsanta atá i ndoiciméid a chláraíonn an Chomhairle chun cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, de réir bhrí Airteagal 4(1)(e) de Rialachán (AE) 2018/1725.

D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gComhairle sonraí pearsanta maidir le hábhar sonraí a mhalartú le tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta i gcomhthéacs thrasuí ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe arna dhéanamh ag an gComhairle nó i gcomhthéacs an chomhair idirnáisiúnta i ndáil le beartas an Aontais i dtaca le bearta sriantacha.

In éagmais cinneadh leordhóthanachta, nó coimircí iomchuí, tá aistriú sonraí pearsanta chuig tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta bunaithe ar an gcoinníoll nó na coinníollacha seo a leanas, de bhun Airteagal 50 de Rialachán (AE) 2018/1725:

gur gá an t-aistriú a dhéanamh ar fhorais thábhachtacha a bhaineann le leas an phobail;

gur gá an t-aistriú a dhéanamh chun éilimh dhlíthiúla a bhunú, a fheidhmiú nó a chosaint.

Níl aon chinnteoireacht uathoibrithe i gceist agus sonraí pearsanta an ábhair sonraí á bpróiseáil.

Tá an ceart chun faisnéise ag ábhair sonraí chomh maith leis an gceart chun rochtain ar a gcuid sonraí pearsanta féin. Tá sé de cheart acu freisin a gcuid sonraí a cheartú agus a chomhlánú. I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé de cheart acu a éileamh go scriosfaí a gcuid sonraí pearsanta, nó agóid a dhéanamh faoina gcuid sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil nó a iarraidh go ndéanfaí an phróiseáil sin a shrianadh.

Is féidir le hábhair sonraí na cearta sin a fheidhmiú trí ríomhphost a sheoladh chuig an rialaitheoir agus cóip a sheoladh chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí mar a léirítear thuas.

I gceangal lena n-iarraidh, ní mór do na hábhair sonraí cóip de dhoiciméad aitheantais (cárta aitheantais nó pas) a sholáthar chun a gcéannacht a dhearbhú. Ba cheart uimhir aitheantais, tír eisiúna, an tréimhse bhailíochta, ainm, seoladh agus dáta breithe a bheith ar an doiciméad sin. Féadfar dath dubh a chur ar aon sonraí eile atá sa chóip den doiciméad aitheantais, mar shampla, grianghraf nó saintréithe pearsanta eile.

Tá sé de cheart ag ábhair sonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 (edps@edps.europa.eu).

Sula ndéanfaidh siad amhlaidh, moltar do na hábhair sonraí féachaint ar dtús leis an scéal a leigheas trí dhul i dteagmháil leis an rialaitheoir agus/nó le hOifigeach Cosanta Sonraí na Comhairle.

Gan dochar d'aon leigheas breithiúnach, riaracháin nó neamhbhreithiúnach, féadfaidh na hábhair sonraí gearán a thaisceadh leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 (edps@edps.europa.eu).

**Fógra le haghaidh na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/1767, agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1765 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

(2023/C 324/05)

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas ar aird na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/1767 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1765 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.

Ceanglaítear le hAirteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 nach mór do na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí sin tuairisc a thabhairt, roimh an 1 Meán Fómhair 2022 nó laistigh de 6 seachtaine tar éis dháta an liostaithe in Iarscríbhinn I, cibé acu is déanaí, faoi na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha laistigh de dhlínse Ballstáit ar leo iad nó atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó faoina rialú, chuig údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin suite. Ní mór dóibh oibriú i gcomhar leis an údarás inniúil maidir le fíorú na faisnéise sin. Aon mhainneachtain na hoibleagáidí sin a urramú, measfar gurb éard atá inti imchéimniú na mbeart maidir le reo sócmhainní agus acmhainní eacnamaíocha.

Ní mór an fhaisnéis atá le tuairisciú a sheoladh chuig údarás inniúil an Bhallstáit ábhartha, trína shuíomh gréasáin mar a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

([1]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 16.
([2]) IO L 226, 14.9.2023, lch. 104.
([3]) IO L 78, 17.03.2014, lch. 6.
([4]) IO L 226, 14.9.2023, lch. 3.

**Fógra maidir leis na bearta sriantacha i gcoinne Nikita Dmitrievich Mazepin a chur ar fionraí, faoi réir coinníollacha áirithe, dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle, maidir le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/1767 ón gComhairle agus arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1765**

(2023/C 324/06)

An 7 Meán Fómhair 2023, rinne Uachtarán na Cúirte Ginearálta ordú le haghaidh faoiseamh eatramhach sealadach de bhun Airteagal 157(2) de Rialacha Nós Imeachta Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gCás T-743/22 RIII, *Nikita Dmitrievich Mazepin v. Comhairle an Aontais Eorpaigh*. Leis an ordú sin, ceanglaíodh ar an gComhairle Fógra a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil* ina gcuirtear in iúl go bhfuil athliostú an iarratasóra N. Mazepin ar liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha faoi réir fionraí faoi na coinníollacha céanna leis na coinníollacha dá bhforáiltear in ordú roimhe sin an 19 Iúil 2023 ó Uachtarán na Cúirte Ginearálta.

Léitear na míreanna ábhartha sa chuid oibríochtúil den ordú ó Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 7 Meán Fómhair 2023 mar a leanas:

'Oibríocht an athliostaithe a fógraíodh ar an iarratasóir faoi na coinníollacha céanna leis na coinníollacha dá bhforáiltear san ordú an 19 Iúil 2023, cuirtear *Mazepin v. an Chomhairle* (T 743/22 R II, pointe 1 agus 2 de na codanna oibriúcháin) ar fionraí go dtí go ndéanfar an t-ordú lena bhfoirceanntar na himeachtaí reatha maidir le faoiseamh eatramhach, a mhéid a choimeádfar ainm Mazepin ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach sin agus a mhéid is gá chun a chur ar a chumas a earcaíocht mar thiománaí gairmiúil Foirmle 1 nó mar thiománaí i gcraobhchomórtais mhótarspóirt eile atá ar siúl san Aontas Eorpach a chaibidil, agus sa mhéid sin amháin, chomh maith le páirt a ghlacadh i Formula 1 Grand Prix, trialacha, seisiúin oiliúna agus seisiúin saor in aisce agus i gcraobhchomórtais eile mótarspóirt, rásaí, trialacha, seisiúin oiliúna agus i gcraobhchomórtais eile mótarspóirt, rásaí, trialacha, seisiúin oiliúna agus seisiúin saor in aisce a bheidh ar siúl san Aontas Eorpach. Chuige sin, ní údaraítear do Mazepin ach (i) teacht isteach san Aontas Eorpach chun comhaontuithe a chaibidil agus a thabhairt i gcrích le foireann rásaí nó le hurraitheoirí nach bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí Dmitry Arkadievich Mazepin nó le daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil a n-ainmneacha ar na liostaí a leagtar amach sna hiarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh 2014/145 ([1]) agus Rialachán Uimh. 269/2014 ([2]), (ii) teacht isteach san Aontas Eorpach chun páirt a ghlacadh mar thiománaí iomlána nó mar thiománaí cúltaca i gcraobhchomórtais Formula 1 den *Fédération internationale de l'automobile (FIA)* (Cumann Idirnáisiúnta Gluaisteán (FIA)) nó i gcraobhchomórtais eile, seisiúin oiliúna, tástálacha nó saorsheisiúin, chun athnuachan a dhéanamh ar a Shárcheadúnas freisin, (iii) teacht isteach san Aontas Eorpach chun dul faoi na scrúduithe dochtúra a theastaíonn ón FIA nó óna fhoireann rása, (iv) teacht isteach san Aontas Eorpach chun páirt a ghlacadh in imeachtaí rásaíochta, urraíochta agus cur chun cinn arna iarraidh sin dá fhoireann rásaí nó dá urraitheoirí, (v) cuntas bainc a oscailt ina bhfuil tuarastal, bónais, sochair óna fhoireann rása agus ranníocaíochtaí airgeadais ó na hurraitheoirí a nglacann a fhoireann leo a íoc leis agus, (vi) an cuntas bainc agus cárta creidmheasa a úsáid chun na costais sin a chlúdach a chuireann ar chumas tiománaí gairmiúil taisteal san Aontas Eorpach, comhaontuithe a chaibidil agus a thabhairt i gcrích le foireann rása nó le hurraitheoirí agus páirt a ghlacadh i gcraobhchomórtais, Grand Prix, rásaí, seisiúin oiliúna, tástálacha nó seisiúin saor in aisce i mBallstáit an Aontais Eorpaigh. I gcás ina n-earcófar é mar thiománaí Formula 1 nó mar thiománaí i gcraobhchomórtais mhótarspóirt eile a bheidh ar siúl san Aontas Eorpach freisin nó san Aontas Eorpach amháin, ní mór do Mazepin tabhairt faoin rás faoi bhratach neodrach agus an Gealltanas Tiomána a éilíonn an FIA chun na críche sin a shíniú.'

---

([1]) IO L 78, 17.03.2014, lch. 16.
([2]) IO L 78, 17.03.2014, lch. 6.

# AN COIMISIÚN EORPACH

**Rátaí malairte an euro** ([1])

**13 Meán Fómhair 2023**

(2023/C 324/07)

**1 euro =**

| | Airgeadra | Ráta malairte | | Airgeadra | Ráta malairte |
|---|---|---|---|---|---|
| USD | dollar na Stát Aontaithe | 1,0733 | CAD | dollar Cheanada | 1,4556 |
| JPY | yen na Seapáine | 158,28 | HKD | dollar Hong Cong | 8,3984 |
| DKK | krone na Danmhairge | 7,4609 | NZD | dollar na Nua-Shéalainne | 1,8188 |
| GBP | punt steirling | 0,86090 | SGD | dollar Shingeapór | 1,4615 |
| SEK | krona na Sualainne | 11,9475 | KRW | won na Cóiré Theas | 1 426,24 |
| CHF | franc na hEilvéise | 0,9589 | ZAR | rand na hAfraice Theas | 20,3300 |
| ISK | króna na hÍoslainne | 143,70 | CNY | renminbi-yuan na Síne | 7,8144 |
| NOK | krone na hIorua | 11,4783 | IDR | rupiah na hIndinéise | 16 502,58 |
| BGN | lev na Bulgáire | 1,9558 | MYR | ringgit na Malaeisia | 5,0230 |
| CZK | koruna Phoblacht na Seice | 24,487 | PHP | peso na nOileán Filipíneach | 60,899 |
| HUF | forint na hUngáire | 384,35 | RUB | rúbal na Rúise | |
| PLN | zloty na Polainne | 4,6243 | THB | baht na Téalainne | 38,397 |
| RON | leu na Rómáine | 4,9673 | BRL | real na Brasaíle | 5,3130 |
| TRY | lira na Tuirce | 28,9160 | MXN | peso Mheicsiceo | 18,5223 |
| AUD | dollar na hAstráile | 1,6762 | INR | rúipí na hIndia | 89,0805 |

([1]) *Foinse*: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

# AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE

## FÓGRA COMÓRTAS OSCAILTE

(2023/C 324/08)

Tá an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) ag eagrú na gcomórtas oscailte seo a leanas:

**EPSO/AD/404/23 — Dlítheangeolaithe Béarla (EN) (AD 7)**

**EPSO/AD/405/23 — Dlítheangeolaithe Spáinnise (ES) (AD 7)**

**EPSO/AD/406/23 — Dlítheangeolaithe Liotuáinise (LT) (AD 7)**

**EPSO/AD/407/23 — Dlítheangeolaithe Ollainnise (NL) (AD 7)**

**EPSO/AD/408/23 — Dlítheangeolaithe Portaingéilise (PT) (AD 7)**

**EPSO/AD/409/23 — Dlítheangeolaithe Slóvaicise (SK) (AD 7)**

Tá an fógra comórtais seo foilsithe i 24 theanga in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* **C 324 A an 14 Meán Fómhair 2023**.

Tá tuilleadh eolais le fáil ar shuíomh gréasáin EPSO ([1]).

([1]) https://epso.europa.eu/ga.

# FÓGRAÍ A BHAINEANN LEIS AN LIMISTÉAR EORPACH EACNAMAÍOCH

# ÚDARÁS FAIREACHÁIN CSTE

## Gan státchabhair de réir bhrí Airteagal 61(1) de Chomhaontú LEE

(2023/C 324/09)

Measann Údarás Faireacháin CSTE nach státchabhair é an beart seo a leanas de réir bhrí Airteagal 61(1) de Chomhaontú LEE:

| | |
|---|---|
| An dáta a glacadh an cinneadh | 03 Bealtaine 2023 |
| Cás-uimhir | 90153 |
| Cinneadh Uimh. | 067/23/COL |
| Stát CSTE | An Iorua |
| Teideal (agus/nó ainm an tairbhí) | Seirbhísí/réitigh bhardasacha um dhigitiú a eagrú |
| An cineál cabhrach | Gan chabhair |

Téacs barántúil an chinnidh, as ar baineadh an fhaisnéis rúnda uile, tá sé le fáil ar shuíomh gréasáin Údarás Faireacháin CSTE: http://www.eftasurv.int/state-aid/state-aid-register/decisions/

**Fógra ó Údarás Faireacháin CSTE maidir le rátaí úis aisghabhála státchabhrach agus rátaí tagartha/lascaine i gcás Stáit CSTE is infheidhme ón 1 Meitheamh 2023**

*(Arna fhoilsiú i gcomhréir leis na rialacha maidir le rátaí tagartha agus lascaine a leagtar amach i gCuid VII de Threoirlínte Údarás Faireacháin CSTE maidir le Státchabhair agus Airteagal 10 de Chinneadh Uimh. 195/04/COL* (1) *ó Údarás Faireacháin CSTE)*

(2023/C 324/10)

Ríomhtar bun-rátaí i gcomhréir leis an gCaibidil i leith an mhodha chun rátaí tagartha agus lascaine Threoirlínte CSTE maidir le Státchabhair a shocrú arna leasú le Cinneadh Uimh. 788/08/COL ó Údarás Faireacháin CSTE an 17 Nollaig 2008. Chun na rátaí tagartha is infheidhme a fháil, cuirfear corrlaigh iomchuí leis an mbun-ráta de réir na dTreoirlínte maidir le Státchabhair.

Cinneadh na bun-rátaí mar a leanas:

| | An Íoslainn | Lichtinstéin | An Iorua |
|---|---|---|---|
| 1.6.2023 – | 7,69 | 0,29 | 3,15 |

(1) IO L 139, 25.5.2006, lch. 37 agus Forlíonadh LEE do IO Uimh. 26/2006, 25.5.2006, lch. 1.

V

*(Fógairtí)*

IMEACHTA CÚIRTE

# CÚIRT AN EFTA

**Caingean arna tabhairt an 26 Iúil 2023 ag Údarás Faireacháin CSTE i gcoinne na hIorua**

**(Cás E-9/23)**

(2023/C 324/11)

Thug Údarás Faireacháin CSTE caingean i gcoinne na hIorua os comhair Chúirt CSTE an 26 Iúil 2023, agus ionadaíocht á déanamh don Údarás sin ag Claire Simpson, Erlend Leonhardsen, Marte Brathovde agus Ewa Gromnicka, ag gníomhú dóibh mar Ghníomhairí Údarás Faireacháin CSTE, Avenue des Arts 19H, B-1000 Bruxelles/Brussel, Belgique/België.

Iarrann Údarás Faireacháin CSTE ar Chúirt CSTE an méid seo a leanas a dhearbhú:

1. Trí reachtaíocht a choinneáil i bhfeidhm, 2-1b(4) PRA (An tAcht um Chearta Othar) agus 6 PR (An Rialachán maidir le Tosaíocht) mar shampla, ar reachtaíocht í a chuireann srian gan údar leis an gceart cóireáil othair chónaithigh a lorg i Stát eile de LEE nuair nach féidir cloí le teorainn ama atá inchosanta ó thaobh leighis chun cóireáil a sholáthar, níor chomhlíon Ríocht na hIorua a hoibleagáidí faoi Airteagal 20(2) de Rialachán 883/2004 agus/nó Airteagal 36 LEE;

2. Trí reachtaíocht a choinneáil i bhfeidhm, ss. 2-1b(5) agus 3(4) PR agus ss.2-4a(2)a PRA agus 3 PR mar shampla, ar reachtaíocht í nár léirigh, nó nach léiríonn i gceart, na cearta atá ag othair cóireáil a lorg i Stát eile de LEE i gcás nach féidir an chóireáil chéanna nó cóireáil arb ionann a héifeachtacht a sholáthar sa Stát baile laistigh de theorainn ama atá inchosanta ó thaobh leighis de, níor chomhlíon Ríocht na hIorua a hoibleagáidí faoi Airteagal 20(2) de Rialachán 883/2004 agus/nó Airteagal 36 LEE;

3. Trí struchtúr achomhairc agus nós imeachta faoi fhorálacha amhail Roinn 7-2 PRA agus Ranna 7 agus 8 PR a choinneáil i bhfeidhm, ar struchtúr é lena ndéantar cosc a chur leis na comhlachtaí gearáin/achomhairc dá bhforáiltear faoi PRA/PR, nó lena ndéantar iad a dhíspreagadh, cur i bhfeidhm agus áirithiú ceart a dhéanamh maidir leis na cearta atá ag othair cóireáil a lorg i Stát eile de LEE i gcás nach féidir an chóireáil chéanna nó cóireáil arb ionann a héifeachtacht a sholáthar sa Stát baile laistigh de theorainn ama atá inchosanta ó thaobh leighis de, agus/nó trí chleachtas riaracháin a choinneáil ar bun nach n-áirithítear na cearta sin faoi; níor chomhlíon Ríocht na hIorua a hoibleagáidí faoi Airteagal 20(2) de Rialachán 883/2004 agus/nó Airteagal 36 LEE, agus sháraigh sí Airteagal 3 LEE freisin;

4. Trí na rialacha agus an cleachtas náisiúnta thuasluaite a choinneáil i bhfeidhm agus a chur i bhfeidhm i ndáil le cearta othar cóireáil a lorg i Stát eile de LEE, ar rialacha agus cleachtas iad atá doiléir agus/nó contrártha, sháraigh Ríocht na hIorua prionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus bhain sí an bonn ó éifeachtacht Airteagal 36 LEE agus Airteagal 20(2) de Rialachán 883/2004, de shárú ar na forálacha sin, agus/nó ar Airteagal 3 LEE.

*An cúlra dlíthiúil agus an cúlra fíorasach, mar aon le pléadálacha faoin dlí a thugtar ar aird chun tacú leis an méid sin:*

— Leis an Iarratas seo, iarrann Údarás Faireacháin CSTE (an tÚdarás) dearbhú go bhfuil Airteagal 36 LEE, Airteagal 20(2) de Rialachán 883/2004 (an Rialachán) agus/nó Airteagal 3 LEE, chomh maith le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, sáraithe ag an Iorua, i ndáil le rialacha agus cleachtas náisiúnta áirithe lena rialaítear rochtain ar chóireáil othair chónaithigh i Stáit eile de LEE.

— Tar éis dó gearáin a fháil faoi chóras na hIorua maidir le cóireáil othair chónaithigh agus an cumas cóireáil den sórt sin a fháil thar lear, chinn an tÚdarás in 2009 measúnú féintionscnaimh a dhéanamh ar rialacha ábhartha na hIorua.

— Idir 2009 agus 2013 bhí an tÚdarás agus Rialtas na hIorua i mbun plé faoi na saincheisteanna a ardaíodh sna gearáin agus faoi na rialacha gaolmhara.

— An 14 Bealtaine 2014, d'eisigh an tÚdarás litir fógra fhoirmiúil chuig Rialtas na hIorua inar thángthas ar an gconclúid nár chomhlíon an Iorua a hoibleagáidí faoi Airteagal 20 den Rialachán agus/nó faoi Airteagal 36 LEE.

— Ina fhreagra an 15 Lúnasa 2014, níor ghlac Rialtas na hIorua leis go raibh bunús maith le hábhair imní an Údaráis ach dúirt sé gur moladh leasuithe reachtacha agus chuir sé in iúl, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil a fheabhsú, go raibh sé ag smaoineamh ar fhaisnéis agus soiléirithe breise a sholáthar maidir le cearta chun cúram sláinte thar lear.

— D'eisigh an tÚdarás litir fógra fhoirmiúil bhreise an 3 Feabhra 2016 inar thángthas ar an gconclúid nár tugadh aghaidh ar na hábhair imní ar fad a bhí aige. Thug Rialtas na hIorua freagra i litir dar dáta an 3 Bealtaine 2016.

— Thug an tÚdarás tuairim réasúnaithe uaithi chuig an Iorua an 20 Meán Fómhair 2017, agus thug Rialtas na hIorua freagra ar an tuairim sin i litir dar dáta an 19 Eanáir 2018, inar mhaígh sé nach ndearnadh aon sárú ar dhlí LEE agus inar mínigh sé go ndearnadh roinnt leasuithe ar na forálacha ábhartha. Chuir an Iorua an tÚdarás ar an eolas freisin i litir dar dáta an 11 Aibreán 2018 faoi mheasúnuithe breise, faoi athruithe atá beartaithe ar an gcreat reachtach agus faoi fheabhsuithe praiticiúla atá beartaithe.

— Mheas an tÚdarás nach raibh na leasuithe reachtacha sásúil agus chinn sé an cás a tharchur chuig Cúirt CSTE an 18 Nollaig 2019. Le linn dó a iarratas chuig an gCúirt a ullmhú, chuir an tÚdarás iarraidh ar fhaisnéis chuig an Iorua an 7 Bealtaine 2021, tar éis faisnéis bhreise a fháil ó ghearánach.

— I bhfianaise an fhreagra ón Iorua, d'eisigh an tÚdarás an dara litir fógra fhoirmiúil bhreise an 18 Bealtaine 2022.

— Mheas an tÚdarás nach raibh an freagra ó Rialtas na hIorua, i litir an 8 Iúil 2022, sásúil agus thug sé tuairim réasúnaithe bhreise uaidh an 22 Deireadh Fómhair 2022.

— D'fhreagair Rialtas na hIorua i litir dar dáta an 20 Nollaig 2022 inar chloígh sé lena sheasamh go raibh dlí ábhartha na hIorua i gcomhréir le dlí LEE. Leasaigh an Iorua, áfach, an bealach inar ionchorpraíodh Rialachán 883/2004 sa dlí náisiúnta, leasú a tháinig i bhfeidhm an 25 Samhain 2022.

— Measann an tÚdarás, fiú má réitíodh cuid de na saincheisteanna a bhuí leis na leasuithe, go bhfuil saincheisteanna eile ann a ardaíodh sa tuairim réasúnaithe agus sa tuairim réasúnaithe bhreise, áfach, agus nach n-áirithíonn an Iorua fós cearta othar chun rochtain a fháil ar chóireáil othair chónaithigh i Stáit eile de LEE, de shárú ar a hoibleagáidí LEE.

# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

## (Cás M.11240 – ORLEN / DOPPLER ENERGIE)

## Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2023/C 324/12)

1. An 30 Lúnasa 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— ORLEN S.A. ('ORLEN', an Pholainn),

— Doppler Energie GmbH ('Doppler', an Ostair), faoi rialú deiridh an Uasail Franz Joseph Doppler, duine nádúrtha ón Ostair,

Gheobhaidh ORLEN rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Doppler ina iomláine.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá ORLEN gníomhach go príomha i scagadh ola agus táirgeadh bithbhreoslaí, taiscéalaíocht agus díol gáis, táirgeadh peitriceimiceán, táirgeadh leictreachais, mórdhíol agus miondíol breoslaí mótair, miondíol earraí tomhaltais, agus eastóscadh hidreacarbóin,

— Oibríonn Doppler líonra stáisiún líonta breosla mótair agus stáisiún athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha ar fud na hOstaire.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11240 – ORLEN / DOPPLER ENERGIE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA